

**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000008/2018  
chuig an gComhairle**

Rule 128

**Renate Sommer, Elena Gentile, Bolesław G. Piecha, Gesine Meissner, Kateřina Konečná,  
Marco Affronte, Mireille D'Ornano**

, thar ceann An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Éiginnteacht i leith vacsaíní agus titim ar rátaí vacsaínithe san Eoraip

Gan dabht, is é an vacsaíniú ceann de na bearta sláinte poiblí is éifeachtaí atá ar fáil ó thaobh costais de. Is é an vacsaíniú forleathan is cúis le díothú na bolgaí agus is é an fáth go bhfuil an Eoraip anois saor ó phóilió. Molann Ballstáit uile AE go ndéanfaí daoine a vacsaíniú i gcoinne galair thromchúiseacha, galair a d'fhéadfadh bheith bagrach don bheatha uaireanta. Ní fhaigheann cuid de na vacsaíní aitheantas ceart agus ní bhaintear a ndóthain úsáide astu, áfach. In ainneoin an tionchair a bhíonn acu ar an tsláinte phoiblí, nó b'fhéidir dá dheasca sin, tá líon na dtuismitheoirí a dhéanann cinneadh moill a chur ar vacsaíní nó diúltú dóibh ag dul i méid. Is feiniméan í an éiginnteacht fhorleathan i leith vacsaíní atá ag cothú imní anois toisc réimse na n-iarmhairtí a bhaineann leis an tsláinte a chruthaíonn an éiginnteacht sin sna Ballstáit. Taispeánann na sonraí eipidéimeolaíocha is déanaí maidir le staid an vacsaínithe sna Ballstáit go bhfuil titim shuntasach tagtha ar úsáid vacsaíní.

Tá ról an-tábhachtach ag gairmithe sláinte maidir lena chur ina luí ar dhaoine glacadh le vacsaíní. In ainneoin an méid faisnéise atá ar fáil ó réimse leathan foinsí, is iad na soláthraithe na daoine is fearr go fóill ar féidir leo an glacadh atá le vacsaíní a thuar.

I bhfianaise an méid thuasluaite, cad iad na bearta atá ar intinn ag an gComhairle a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an gcur i gcoinne vacsaíní agus chun an méid seo a leanas a chur chun cinn:

- Seoladh Plean Gníomhaíochta lánchuimsithigh de chuid AE lena dtarraingeofaí aird ar an bhfadhb shóisialta a bhaineann leis an éiginnteacht i leith vacsaíní?
- Bearta chun dul i ngleic le scaipeadh faisnéise ar vacsaíní atá neamhiontaofa, míthreorach agus neamheolaíoch agus chun feachtais faisnéise a fhorbairt tuilleadh atá dírithe ar eolas níos doimhne a chur ar fáil maidir le vacsaíní agus cumhdach vacsaínithe a mhéadú, lena n-áirítear i measc gairmithe sláinte?

Curtha síos: 31.1.2018

Curtha ar aghaidh: 1.2.2018

Spríocam le haghaidh freagra: 22.2.2018